View in browser

11 Samhain 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 73







## BRÓISIÚR NUA ÓIGE NA GAELTACHTA

Tá bróisiúr nua foilsithe ag **Óige na Gaeltachta** a thugann cur síos agus léargas ar na tograí agus na himeachtaí a bhíonn idir lámha acu, chomh maith leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil do ghasúir agus do dhéagóirí na Gaeltachta. Is féidir teacht ar an mbróisiúr ar chuntas Facebook na heagraíochta nó is féidir cóip a fháil ach teagmháil a dhéanamh leo ag muintearas@muintearas.com



## LÉIRMHEAS SCANNÁIN Ó CHOLÁISTE CHOLMCILLE

**Scannán Nua James Bond**

Chuaigh muid ar thuras chuig an bpictiúrlann le déanaí chun féachaint ar scannán nua James Bond, 'No Time to Die'.

**Céard faoi an scannán?**

Tá James Bond tar éis na seirbhíse gníomhaí a fhágáil. Ní bhíonn sé díomhaoin i bhfad de bharr go dtagann a sheanchara Felix Leiter ag lorg cabhrach air agus téann siad ag plé le teicneolaíocht dhainséarach.

**Céard a bhí go maith faoin scannán?**

Thaitin plota an scannáin go mór linn. Ba é Ernst Stavro Blofeld an carachtar ab fhearr linn de bharr go raibh sé iontach ag aisteoireacht. Thaitin na teicnící scannánaíochta linn a bhí in úsáid le linn an scannáin, go háirithe ag an deireadh nuair a phléasc na diúracáin.

**Ar bhfiú breathnú ar an scannán?**

Mholfainn do dhuine ar bith an scannán a fheiceáil. Thabharfadh muid 7 as 10 dó. An chúis nach bhfuil muid ag tabhairt an 10 dó ná mar gheall ar chúrsaí ama. Tá an scannán beagán rófhada, tá sé gar do trí huaire. Ar an iomlán is fiú dul ag féachaint ar an scannán seo.

Scríofa ag Aonghus & Daniel (Bliain a Dó)




## LITIR CHUIG SANTAÍ

Beidh **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana le cinntiú go bhfaigheann sé na litreacha ar fad ó ghasúir na Gaeltachta. Is féidir do litir chuig Santaí a sheoladh chuig f/ch Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 Y0R2 Moltar ainm agus seoladh na bpáistí a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Iarrtar na litreacha a bheith sa bposta roimh an 6 Nollaig.



## FOLÚNTAS AG ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá post mar Chuntóir Riaracháin, le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh, á thairiscint ag **Údarás na Gaeltachta**. Tá rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh freagrach as comhordú agus bainistíocht a dhéanamh ar réimse ábhair inmheánacha agus seachtracha, agus tacú leis an bPríomhfheidhmeannach ina ról mar cheannasaí ar an eagraíocht. Beidh an té a n-éiríonn leis nó léi freagrach as cinntiú go bhfuil seirbhís iomlán riaracháin á chur ar fáil d'Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh ag ardléibhéal. Tá líofacht Ghaeilge riachtanach ar ndóigh. In Ardoifig an Údaráis sna Forbacha a bheas an cúntóir riaracháin lonnaithe. Is féidir níos mó eolais a fháil anseo.

## ÉISTEACHTAÍ SA TAIBHDHEARC

Beidh éisteachtaí ar siúl ag FÍBÍN do *Jeacaí agus an Fathach Mór*, sa Taibhdhearc ar an Satharn 13 Samhain ón 10:30r.n. go 2i.n. do pháistí idir 5 agus 10 mbliana d'aois. Má tá spéis agat sa deis seo, is féidir an fhoirm iarratais a líonadh isteach anseo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le eolas@fibin.com nó 087 7124548. Tapaigí an deis breá seo!






## SCÉIM LÉITHEOIREACHTA THUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá Scéim Léitheoireachta á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta**. 'Sí aidhm na scéime, atá dírithe ar scoileanna, ná an léitheoireacht a spreagadh ar bhealach spraíúil. Seisiún amháin a bheidh i gceist i mbliana, ar an Déardaoin 9 Nollaig 2021 agus beidh sé dírithe ar na ranganna seo: Naíonáin Bheaga, Naíonáin Mhóra, Rang a hAon agus Rang a Dó. Craoladh beo a bheidh i gceist. Beidh sé idirghníomhach agus cuirfear leabhar ar fáil do gach páiste a bheidh páirteach mar a dhéantar gach aon bhliain. Beidh Tuismitheoirí na Gaeltachta i dteagmháil le scoileanna roimh ré le treoracha agus tuilleadh eolais a roinnt. Idir an dá linn, is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le eolas@tuismitheoiri.ie

## FÉILE CHOIS FHARRAIGE

Tá **Féile Chois Fharraige** ag teannadh linn! Mar chuid de chlár na féile, beidh **An Cosán Draíochta** le Johhny Óg Connolly ar siúl i Stiúideo Cuan ón gCéadaoin 17ú - Domhnach 21ú Samhain, beidh **Ceolchoirm Cholmcille** ar siúl ar an Satharn 20ú Samhain agus déanfar ceiliúradh ar shaothar Joe Steve Uí Neachtain sa seó **Le Cion ar Joe** ar an Aoine 19ú agus an Domhnach 21ú Samhain. Chomh maith le sin, beidh imeachtaí don óige ar siúl le linn na féile - siúlóidí teaghlaigh agus ollseisiún ceoil san áireamh. Is féidir teacht ar sceideal iomlán na féile anseo. Is féidir teagmháil a dhéanamh le feilechoisfharraige21@gmail.com má tá ceist ar bith agat nó más mian leat tacú le himeachtaí na féile. Cuirfear treoracha an Rialtais i leith sláinte poiblí i bhfeidhm go docht, agus caithfear teastas ar dheimhniú vacsaín COVID a spáint.










## FAOI SCÁTH...LE CHÉILE

Tá seó nua spraíúil - *Faoi Scáth...le Chéile* - á léiriú ag an gcomhlacht amharclannaíochta GIORRIA. Léireofar é ar an Satharn 13 Samhain ag 8 i.n. agus an Domhnach 14 Samhain ag 3i.n i Seanscoil Sailearna. Tabharfaidh an seó léargas ar chumhacht an nádúir agus teacht aniar na ndaoine in am an ghátair. Beidh meascán de cheol, rince, scéalaíocht, amhránaíocht 's filíocht ann. Níl táille i gceist do na ticéid, ach moltar suíocháin a chur in áirithe anseo. Fáilteofar roimh pháistí os cionn 8 bl.

## GRADAM BRONNTA AR 'FOSCADH'

Comhghairdeachas ó chroí le Seán Breathnach as ceantar na nOileán agus ina chónaí i gCois Fharraige a bhain amach an gradam don stiúrthóir is fearr don scannán **Foscadh** ag Féile Scannáin Newport Beach i gCalifornia le gairid. Sé Dónall Ó Héalaí, as na hAille atá sa bpríomhpháirt, in éineacht le Fionnuala

Flaherty. Tá ag éirí go hiontach leis an scannán in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta. Treise leo!

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite